

An tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar chearta leanaí in Éirinn -

Measúnú ar an Tionchar ar Chearta Leanaí



ombudsman
do leanaí
for children

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí:

Nach mór 20 bliain ó shin, rinne Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh an mheasúnacht tionchair maidir le cearta linbh (CRIA) a aithint mar bheart ríthábhachtach ar cheart do Stáit é a chur i bhfeidhm leis an tuiscint maidir le cearta leanaí a chur chun cinn faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC). Cé gur dhaingnigh Éire an CRC sa bhliain 1992, níl téarmaí CRIA nó meastóireachtaí tionchair maidir le cearta linbh (CRIE) curtha i bhfeidhm ag an Stát.

Le linn na bliana 2021, thug Gréasán Eorpach na nOmbudóirí do Leanaí (ENOC) agus UNICEF cuireadh d'Ombudóirí agus do Choimisinéirí do Leanaí ar fud na hEorpa agus na hÁise Láir tabhairt faoi mheasúnacht tionchair phiólótach maidir le cearta linbh (CRIA) faoi thionchar Covid-19 ar bhearta um chearta leanaí. Bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) ar cheann de na 13 eagraíocht a thug faoin tionscadal seo.

Bheartaíomar ár CRIA a dhíriú ar an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar chearta leanaí, agus rinneamar scrúdú ar leith ar an tionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar leanaí a raibh deacrachtaí meabhairshláinte á bhfulaingt acu, leanaí gan dídean, leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach, leanaí atá faoi mhíchumas, agus leanaí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach.

Mar atá luaite inár dtuarascáil againn maidir leis an CRIA seo, tá tuairimí éagsúla ann maidir leis an ngá a bhí leis na scoileanna a dhúnadh ar feadh tréimhse chomh fada sin in 2020 agus arís in 2021. Agus sinn ag druidim le cothrom an lae, dhá bhliain ón gcéad dianghlásáil i mí an Mhárta 2020, áfach, tá cur amach níos fearr againn, nó tuiscint neamhiomlán go fiú, ar an drochthionchar a bhí ag dúnadh na scoileanna ar leanaí den chuid is mó. Dá réir sin, is cosúil go bhfuil comhthoil ann faoi láthair go bhfuil sé tábhachtach go gcoimeádfaí na scoileanna ar oscailt. Tá tábhacht ag baint leis seo agus

cuirimid fáilte roimhe. Ó thaobh an OCO de, is gá go mbeadh an polasaí náisiúnta dírithe air seo, agus go gcuirfí na hacmhainní cuí agus oiriúnacha ar fáil le tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun go mbeadh ar a gcumas fanacht ar oscailt go sábháilte.

Ó thaobh chearta an linbh de, tugadh roinnt ceisteanna uileghabhálacha chun solais leis an méid a aimsíodh inár CRIA nach mór aird sa bhreis a thabhairt orthu.

- Tá béim leagtha ag dúnadh na scoileanna in 2020 agus in 2021 ar cé chomh mór agus a bhímid ag brath ar scoileanna, agus ar na hoibrithe gairmiúla a bhíonn ag obair iontu, le tacú leis na cearta a bhíonn ag leanaí. In ainneoin na mbeart maolaithe, tháinig dúshláin shuntasacha chun cinn leis an ngluaiseacht i dtreo na foghlama ar líne maidir le cearta oideachais na leanaí. Chuir na nithe seo ar fad leis na dúshláin sin; easpa rochtana ar leathanbhanda agus/nó ar ghléasanna; srianta ar chumas tuismitheoirí tacú le rannpháirtíocht a gcuid leanaí san fhoghlaim ar líne; agus gan timpeallacht oiriúnach foghlama ná tacaíochtaí sásúla foghlama a bheith ar fáil. Bhí tionchar diúltach ag dúnadh na scoileanna ar mheabhairshláinte agus ar fholláine agus/nó ar fhorbairt shóisialta agus mhothúcháin leanaí áirithe, leanaí a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu cheana agus leanaí faoi mhíchumas san áireamh. Mar thoradh ar dhúnadh na scoileanna i mí an Mhárta 2020, cuireadh isteach ar sholáthar seirbhísí meabhairshláinte sna scoileanna nó cuireadh ar ceal iad, an clár imdhíonta scoile agus seiceálacha éisteachta, radhairc agus fiaclóra ina measc. Cé go ndearnadh iarracht Clár na mBéilí Scoile a

choimeád ar bun, níor éirigh leis an gClár seo dul i bhfeidhm ar an oiread céanna leanaí agus a d'fhéadfadh sé mar gheall ar dhúnadh na scoileanna. Tháinig ábhar imní chun cinn mar gheall air seo go mbeadh deacracht ag tuismitheoirí bia a cheannach do leanaí a mbeadh a gcuid béilí faighte acu ar scoil de ghnáth.

Chomh maith leis sin, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach ag oibríthe gairmiúla atá lonnaithe sna scoileanna maidir le húdair imní i dtaobh chosaint leanaí a aithint agus a thuairisciú, laghdaigh dúnadh na scoileanna na deiseanna a bhí ann údair imní den chineál sin a aithint agus a thuairisciú. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a rá gur chuir dúnadh na scoileanna, mar aon le bearta dianghlásála eile, le neamhchosaint leanaí, nó leis an riosca neamhchosanta, i leith dochair nó mí-úsáide, foréigean baile san áireamh.

Amach anseo, beidh tionchair den chineál seo mar ábhar úsáideach machnaimh. Cad iad na bearta nach mór a chur i bhfeidhm a chuirfeadh le cumas na scoileanna tacaíochta chur ar fáil do chearta leanaí? Agus an féidir linn conairí eile atá ann cheana a neartú, agus conairí nua a chruthú b'fhéidir, chun seirbhísí agus tacaíochtaí áirithe a sholáthar do leanaí, chun go ndéanfaí rioscaí a bhaineann lenár spleáchas ar scoileanna a mhaolú?

- Tá an phaindéim agus bearta áirithe a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagra ar Covid-19 tar éis míchothromaíochtaí a bhí á bhfulaingt cheana féin ag grúpaí áirithe leanaí in Éirinn a mhéadú. Tugtar le fios inár CRIA gurb iad na leanaí a raibh deacrachtaí meabhairshláinte acu, leanaí nach raibh dídean acu, leanaí de chuid an Lucht Siúil agus na Romach, leanaí faoi mhíchumas agus leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach is mó a bhí ag fulaingt mar thoradh ar dhúnadh na scoileanna. Cé go dtugtar le fios inár CRIA go bhfuil céimeanna á nglacadh le tacaíochtaí a chur ar fáil do ghrúpaí áirithe leanaí, is cosúil go mbeadh tairbhe ní ba mhó le baint ag grúpaí leanaí

as a bhfuil bearta ar leith ag teastáil uathu dá mbeadh aird tugtha ar na riachtanais ar leith acu.

Tugtar ceisteanna tábhachtacha chun solais leis seo, maidir le cearta leanaí i leith neamh-idirdhealaithe. Mar shampla, cén t-eolas sa bhreis atá uainn le tuiscint iomlán a fháil ar an tionchar a bhíonn ag dúnadh na scoileanna ar ghrúpaí áirithe leanaí? Cad iad na tacaíochtaí ar leith a bhíonn ag teastáil ó ghrúpaí leanaí leis na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag dúnadh na scoileanna a mhaolú agus le cabhrú lena gcuid téarnaimh, agus cad iad na hacmhainní atá ag teastáil leis na tacaíochtaí seo a chur ar fáil?

- In amanna éagsúla le linn na paindéime, tháinig brú orthu siúd a bhíonn i mbun cinnteoireachta cinntí suntasacha a dhéanamh. Ní foláir nó go raibh na cinntí a rinneadh maidir le dúnadh agus le hoscailt na scoileanna sa bhliain 2020 agus 2021 bunaithe ar an gcomhairle sláinte phoiblí a chuir an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHE) ar an Rialtas. Tá an chuma ar an scéal go raibh tionchar ag an tuairim ar leith a bhí ag méadú, go raibh sé tábhachtach do leanaí go n-osclofaí na scoileanna arís, ar na cinntí a rinneadh ina leith. Is léir, áfach, nach ndearnadh dóthain machnaimh ar chearta leanaí agus cinntí á ndéanamh maidir le dúnadh na scoileanna. Tugtar le fios sa CRIA gur gá an tuiscint ar chearta leanaí agus an cleachtas a bhaineann le cur chuige bunaithe ar chearta leanaí a chur i bhfeidhm sa chinnteoireacht a neartú, i measc comhlachtaí poiblí chomh maith. Ní féidir a rá go cinnte go mbeadh aon difríocht ag baint leis an gcinnteoireacht maidir le dúnadh na scoileanna dá mba rud é go raibh CRIA agus CRIE seanbhunaithe mar chleachtais in Éirinn. Is féidir le CRIA agus CRIE tacú le machnamh córasach, áfach, ar na tionchair fhéideartha agus ar na héifeachtaí ina dhiaidh sin a bhíonn ag cinntí/gníomhartha ar leanaí agus ar a gcearta. Dá réir sin, creidimid gur gá díriú ar CRIA agus ar CRIE a thabhairt isteach, agus ar an gceist eile atá bainteach leis, conas is féidir úsáid

éifeachtach a bhaint as CRIA i gcomhthéacs cásanna éigeandála.

Taithí luachmhar foghlama don OCO a bhí sa tionscadal píolótach seo de chuid an ENOC/UNICEF, a raibh siad rannpháirteach ann. Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil teorainneacha ag baint lenár CRIA. Táimid ag súil, áfach, go mbeidh an CRIA seo mar chúnaimh luachmhar ag comhlacht atá ag teacht chun cinn a bheidh in ann freastal

ar an tuiscint atá againne ar thionchair na paindéime ar leanaí, chomh maith leis na bearta atá ag teastáil sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma le tacú le téarnamh leanaí ó na héifeachtaí diúltacha ar a saol. Anuas air sin, táimid den tuairim go dtarraingíonn an CRIA seo aird ar an riachtanas go ndéanfadh an Stát a chumas cinnteoireachta a neartú, i gcásanna éigeandála san áireamh, a bhfuil baint lárnach acu le cearta leanaí.

Oifig an Ombudsman do Leanaí:

Institiúid ceart daonna is ea Oifig an Ombudsman do Leanaí (OOL) a chuireann chun cinn cearta agus folláine leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 bliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn. Déanann an OOL imscrúdú ar ghearáin maidir le seirbhísí arna gcur ar fáil do leanaí ag eagraíochtaí poiblí. Tá an tseirbhís saor, neamhspleách. Chomhaontaigh an Dáil agus an Seanad in 2002 an tAcht um Ombudsman do Leanaí, ina leagtar amach ról agus cumhachtaí na hOifige seo. Tá an Dr Niall Muldoon ina Ombudsman do Leanaí ó 2015 i leith. An tUachtarán a cheap Niall sa phost agus tuairiscíonn sé go díreach chuig an Oireachtas.

Tús Eolais ar an Measúnú ar an Tionchar ar Chearta Leanaí

Scrúdaítear i Measúnú ar an Tionchar ar Chearta Leanaí (CRIA) na tionchair fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag dlíthe, beartais, cinntí buiséid, cláir agus seirbhísí ar leanaí de réir mar atá siad á bhforbairt agus sula gcuirfean an cinneadh nó an gníomh i bhfeidhm. Moltar sa phróiseas sin dóigheanna ar féidir aon tionchair dhiúltacha ar leanaí a sheachaint nó a mhaolú.

Ní dhéantar CRIAnna in Éirinn mar chuid den phróiseas reachtach. Mar sin féin, sonraíonn Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh go dteastaíonn próiseas leanúnach um Measúnuithe ar an Tionchar ar Chearta Leanaí agus um Meastóireachtaí ar an Tionchar ar Chearta Leanaí (CRIEnna) chun a chinntiú go n-urramófar forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (an Coinbhinsiún) le linn reachtaíocht agus beartais a fhorbairt agus a sholáthar ar gach leibhéal rialtais.¹

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí ina ball de Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC) agus tá sí ar cheann de na 13 bhalleagraíocht a ghlac páirt i dtionscadal comhpháirteach ENOC/UNICEF sa bhliain 2021 chun Measúnú ar an Tionchar ar Chearta Leanaí (CRIA) a chur chun feidhme ar an tionchar a bhí ag bearta Covid-19 ar chearta leanaí.

Chinn Oifig an Ombudsman do Leanaí an CRIA uainn a dhíriú ar an dúnadh scoileanna toisc go ndearna an cinneadh ar scoileanna a dhúnadh difear do gheall le gach leanbh ar aois scoile. Tá corpas éiritheach faisnéise

ann freisin faoi thionchair an bhirt sin, ar corpas é a d'fhéadfaimis a bhreithniú chun críocha an CRIA a dhéanamh. Ós rud é nach bhfuil cúram na luath-óige ar áireamh sa chóras scoileanna in Éirinn, díritear sa CRIA uainn ar an dúnadh bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

D'iniúchamar an tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar an gCeart chun Oideachais (Airteagal 28 den Choinbhinsiún); ar an gCeart chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir, lena n-áirítear meabhairshláinte (Airteagal 24 den Choinbhinsiún); ar an gCeart chun caighdeán maireachtála leormhaith, go háirithe cothú leormhaith (Airteagal 27 den Choinbhinsiún); agus ar an gCeart chun cosanta ar gach cineál foréigin, dochair agus mí-úsáide (Airteagal 19 den Choinbhinsiún). D'iniúchamar dúntaí scoileanna ach aird a thabhairt freisin ar na ceithre phrionsabal ghinearálta, mar atá: neamh-idirdhealú (Airteagal 2 den Choinbhinsiún); leasanna is fearr an linbh (Airteagal 3 den Choinbhinsiún); an bheatha, marthanas agus forbairt (Airteagal 6 den Choinbhinsiún); agus meas ar thuairimí

¹ An Coiste um Chearta an Linbh, *Tuairim Ghinearálta Uimh. 5 (2003) Bearta ginearálta i leith an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh a chur chun feidhme (airteagail 4, 42 agus 44, mír 6)* (2003), Doiciméad CRC/GC/2003/5 ó na Náisiún Aontaithe, mír 45.

leanaí (Airteagal 12 den Choinbhinsiún). Is iad sin na bunchlocha le haghaidh cearta leanaí.

Cé go ndearna an dúnadh scoileanna difear do gach leanbh, díriodh sa CRIA uainn ar conas a rinne dúntaí scoileanna difear do na cúig ghrúpa leanaí ar díriodh orthu in obair Oifig an Ombudsman do Leanáí faoin bPlean Straitéiseach 2019-2021 uainn. Is iad seo na cúig ghrúpa leanaí:

- leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu
- leanaí gan dídean
- leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach
- leanaí faoi mhíchumas
- leanaí den Lucht Taistil agus den Phobal Romach.

Conas a rinneamar é

Rinneadh an CRIA seo idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair 2021. Rinneamar athbhreithniú deisce ar dhoiciméid ábhartha agus chuireamar agallamh ar na príomh-gheallsealbhóirí.

Baineadh úsáid as foinsí náisiúnta agus foinsí idirnáisiúnta araon san athbhreithniú deisce. Áiríodh leo sin:

- Ábhair Oifig an Ombudsman do Leanáí, lena n-áirítear faisnéis agus deacrachtaí maidir le dúntaí scoileanna a fuair Oifig an Ombudsman do Leanáí go díreach ó leanaí, ó thuismitheoirí agus ó ghairmithe a oibríonn le leanaí
- tuarascálacha agus ailt ó institiúidí taighde, ó ghníomhaireachtaí Stáit, ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ó asraonta meán maidir leis an tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar na grúpaí sonracha leanaí agus/nó ar cheann amháin nó níos mó de na cearta sonracha leanaí dá dtagraítear thuas
- tuarascálacha comparáideacha idirnáisiúnta agus Eorpacha ábhartha.

Chun an fhaisnéis a bailíodh tríd an athbhreithniú deisce a fhorlíonadh, chuireamar agallaimh leathstruchtúrtha ar 11 eagraíocht is príomh-gheallsealbhóirí, a chuimsigh ceithre

ghníomhaíocht Stáit agus seacht n-eagraíocht neamhrialtasacha. Mar gheall ar éagsúlacht róil, shainchúraimí agus thaithí ghairmiúil na ngeallsealbhóirí ar thugamar cuireadh dóibh chun páirt a ghlacadh in agallaimh, mheasamar go mbeadh difríocht éigin ann sna ceisteanna a cuireadh. Tríd is tríd, chléadaíomar na topaicí seo a leanas:

- aon tionchair dhearfacha, dhiúltacha agus neodracha a breathnaíodh a bheith ag dúntaí scoileanna
- a mhéid a cuireadh ceithre phrionsabal ghinearálta an Choimisiúin san áireamh le linn an cinneadh a dhéanamh ar scoileanna a dhúnadh agus na tionchair a bhí ag an gcinneadh sin
- i gcás gur bhreathnaigh agallaithe tionchair dhiúltacha de bharr dúntaí scoileanna – dóigheanna a bhféadfaí an beart sin a mhodhnú chun na tionchair dhiúltacha sin a mhaolú
- i gcás gur bhreathnaigh agallaithe tionchair dhearfacha de bharr dúntaí scoileanna – dóigheanna a bhféadfaí na tionchair dhearfacha sin a uasmhéadú le leas leanaí agus a gceart
- a mhéid is féidir linn na tionchair mheántéarmacha nó fhadtéarmacha a bhí ag dúntaí scoileanna a mheas agus a mhéid a d'fhéadfadh aon tionchair den sórt sin a bheith difriúil i gcás grúpaí difriúla leanaí
- na tionchair fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag aon dúntaí scoileanna sa todhchaí, agus aird á tabhairt ar an bhfíric nach féidir a bheith lánchinnte ag an am seo faoin treocht a leanfaidh Covid-19.

Tá éagsúlacht ról, sainorduithe, réimsí fócais agus taithí gairmiúla ag na geallsealbhóirí ar cuireadh agallamh orthu agus is eol dúinn go ndearna a ndearchtaí eolas dóibh sin.

Teorainneacha an CRIA seo

Adhmaíonn Oifig an Ombudsman do Leanáí go bhfuil teorainneacha ann leis an CRIA seo:

- Constaicí ama: Bhí an tionscadal faoi theorainn ama agus, dá bhrí sin, bhí

constaicí ann leis an líon doiciméad a bhíodhas in ann a athbhreithniú, leis an líon agallamh a bhíodhas in ann a chur ar gheallsealbhóirí, agus leis an deis chun comhairliúchán tiomnaithe a sheoladh le leanaí.

- Paindéim Covid-19 a bheith ag leanúint ar aghaidh agus tionchair éiritheacha na paindéime: Níl an phaindéim thart fós agus is éiginnte fós atá an treoacht a leanfaidh sí. Is ag teacht chun cinn atá sonraí faoi na tionchair a bhí ag an bpaindéim ar leanaí agus faoi na tionchair a bhí ag srianta, cé nach bhfuil ach beagán sonraí le fáil ag an am seo.
- Cineál trialach an chreata agus na modheolaíochta: Sa CRIA seo, triailtear creat agus modheolaíocht nua CRIA ar cheap ENOC iad. Dá bhrí sin, bhí sé tábhachtach cloí leis an modheolaíocht a mhéid ab fhéidir chun í a thástáil agus chun réimsí féideartha le haghaidh foghlama agus forbartha a shainaithint.



Fionnachtana

Bhí ag dúntaí scoileanna tionchar díreach ar an gceart atá ag leanaí chun oideachais, ar tionchar é a bhí diúltach den chuid is mó. Rinneadh difear díréireach dóibh sin a bhí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil cheana féin.

Bhí tionchair dhiúltacha ag dúntaí scoileanna ar an gceart atá ag leanaí chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir, lena n-áirítear meabhairshláinte.

Bhí tionchar diúltach ag dúntaí scoileanna ar an gceart atá ag leanaí chun cothaithe leormhaith. D'fhág dúntaí scoileanna nár shroich an bia a soláthraíodh faoi Chlár na mBéilí Scoile gach leanbh a d'fhéadfadh é a fháil ar shlí eile.

Mar thoradh ar dhúntaí scoileanna, méadaíodh an méid a bhí leanaí neamhchosanta ar dhochar agus ar mhí-úsáid, lena n-áirítear foréigean baile. Toradh eile a bhí ar dhúntaí scoileanna ba ea gur laghdaíodh na deiseanna a bhí ag gairmithe scoilbhunaithe chun ábhair imní maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí a shainaitheint, chun faireachán a dhéanamh ar na hábhair imní sin agus chun tuairisc a thabhairt orthu.

Chaith dúntaí scoileanna le gach leanbh ar an aon dóigh amháin agus níor oiriúnaíodh iad go cuí chun a chinntiú nach ndéanfaí difear díréireach do chearta grúpaí sonracha. Mar thoradh air sin, ní dheachaigh na tionchair a bhí ag dúntaí scoileanna i bhfeidhm ar gach leanbh go cothrom.

Tá dearcthaí difriúla ann maidir le cé acu a chuir nó nár chuir an Rialtas leasanna is fearr an linbh san áireamh, agus maidir lena mhéid a chuir an Rialtas na leasanna sin san áireamh, le linn dó a chinneadh na scoileanna a dhúnadh.

Cuireadh ábhar imní in iúl faoin tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar fhoghlaim acadúil agus ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach.

Ní thugtar soiléiriú i gcuid ar bith den fhaisnéis a athbhreithníodh ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur lorgaíodh tuairimí leanaí le linn cinntí a dhéanamh ar dhúntaí scoileanna agus gur tugadh aird chuí orthu, nó ar conas a lorgaíodh na tuairimí sin nó a tugadh aird chuí orthu.

Tugtar le fios sna doiciméid a athbhreithníodh agus sna dearcthaí a chuir geallsealbhóirí ar chuireamar agallamh orthu in iúl go ndearna dúntaí scoileanna difear do gach leanbh agus gur bhuail na tionchair grúpaí áirithe leanaí go háirithe.

Leagtar béim sa CRIA seo gur tharla na dúntaí scoileanna le linn easnaimh a bheith ann cheana ar na dóigheanna a ndéantar cearta leanaí a chosaint agus a chomhlíonadh agus gurbh é an toradh a bhí ar na heasnaimh a bhí ann roimh theacht phaindéim Covid-19 gur méadaíodh na

tionchair dhiúltacha a bhí ag dúntaí scoileanna ar leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu; ar leanaí gan dídean; ar leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach; ar leanaí faoi mhíchumas; agus ar leanaí den Lucht Taistil agus den Phobal Romach.

Ní heol fós na tionchair idir an meántearma agus an fadtearma a bheidh ag dúntaí scoileanna agus tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh tuilleadh taighde agus anailíse ag teastáil ón uair seo i leith.



An ceart chun oideachais (Airteagal 28 den Choinbhinsiún)

- Léirítear sna doiciméid a athbhreithníodh agus i dtuairimí geallsealbhóirí na tionchair, ar tionchair dhiúltacha iad den chuid is mó, a bhí ag dúntaí scoileanna ar an méid a bhain leanaí as a gceart chun oideachais faoin gChoinbhinsiún. I measc na dtosca a bhí taobh thiar den staid sin bhí easpa rochtana, nó beagán rochtana, ar an teicneolaíocht, teorainneacha leis an gcumas a bhí ag tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú le rannpháirtíocht a leanaí i bhfoghlaim ar líne, agus timpeallacht oiriúnach foghlama agus tacaí leormhaithe foghlama a bheith in easnamh.
- Sainaithníodh roinnt tionchar dearfach i leith roinnt leanaí. Áiríodh leo sin forbairt foghlama neamhspleáiche agus scileanna digiteacha, roghanna níos fearr ó thaobh scrúduithe de, agus eispéiris níos fearr do na leanaí sin a mbíonn imní shóisialta orthu sa timpeallacht scoile.
- Tá an chuma air go ndearnadh dífear diúltach ar leith do ghrúpaí áirithe leanaí maidir le leas a bhaint as a gceart chun oideachais. Áirítear leo sin leanaí faoi mhíchumas, leanaí den Lucht Taistil agus den Phobal Romach, leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach agus leanaí gan dídean.
- Bhí rochtain leanaí ar oideachas le linn dúntaí scoileanna ag brath go mór ar acmhainní a dteaghlaiigh agus ar na tacaí a sholáthair tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoileanna dóibh.
- I gcásanna inar soláthraíodh tacaí amhail gléasanna agus/nó acmhainní páipéarbhunaithe do leanaí, tuairiscíodh an soláthar sin a bheith neamh-chomhsheasmhach le riachtanais roinnt leanaí nó a bheith spriocdhírthe go neamh-leormhaith orthu, áit ar fágadh leanaí áirithe fós gan deiseanna leormhaithe chun oideachas a rochtain agus páirt a ghlacadh ann.
- Tá an chuma air go ndearna dúntaí scoileanna dífear diúltach do chur chun

feidhme na n-aidhmeanna oideachais atá leagtha amach faoi Airteagal 29 den Choinbhinsiún, go háirithe maidir le forbairt iomlánaíoch acmhainneacht iomlán gach linbh. Ní soiléir fós atá méid iomlán an tionchair sin, áfach.

An ceart chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir, lena n-áirítear meabhairshláinte (Airteagal 24 den Choinbhinsiún)

- Sainaithníodh sna doiciméid a athbhreithníodh agus i dtuairimí geallsealbhóirí na tionchair dhiúltacha a bhí ag dúntaí scoileanna ar an méid a bhí leanaí in ann leas a bhaint as a gceart chun an chaighdeán sláinte is airde is féidir, lena n-áirítear meabhairshláinte. Áirítear leis na tionchair dhiúltacha sin méadú follasach i ndeacrachtaí meabhairshláinte, cealú na seirbhísí sláinte agus na dtacaí sláinte laistigh den scoil agus cur isteach ar na seirbhísí agus na tacaí sin.
- Sainaithníodh roinnt tionchar dearfach. Áiríodh leo sin méadú san fheasacht ar shaincheisteanna meabhairshláinte leanaí. Maidir le roinnt leanaí, bhí cothromaíocht níos fearr scoile agus saoil acu agus/nó bhí laghdú ann sa bhrú sóisialta nó sa bhulaíocht a d'fhulaing siad le linn dóibh freastal ar scoil.
- Tá ábhair imní ann faoi cé acu is leor nó nach leor na bearta maolaithe atá ann cheana.

An ceart chun caighdeán maireachtála leormhaith, agus díriú ar leith á leagan ar chothú leormhaith (Airteagal 27 den Choinbhinsiún)

- Bhí tionchar diúltach ag dúntaí scoileanna ar an gceart atá ag leanaí chun caighdeán maireachtála leormhaith de réir mar a bhaineann sé le cothú leormhaith, toisc gur fhág dúntaí scoileanna nach mbeifí in ann Clár na mBéilí Scoile a sholáthar i scoileanna.
- Cé go raibh easnaimh ann ó thaobh sholáthar an chláir de, leanadh le Clár na mBéilí Scoile agus leathnaíodh é le linn

dúntaí scoileanna. Meastar gur bheart dearfach é sin a laghdaigh an tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar rochtain leanaí ar chothú leormhaith, ar thionchar é a d'fhéadfadh a bheith diúltach.

An ceart chun cosanta ar gach cineál foréigin, dochair agus mí-úsáide (Airteagal 19 den Choinbhinsiún)

- Leagtar béim sa CRIA seo ar dhá thionchar dhiúltacha ar leith a bhí ag dúntaí scoileanna, agus ag bearta eile dianghlása, ar an gceart atá ag leanaí chun cosanta ar gach cineál foréigin, dochair agus mí-úsáide, mar atá:
 - leanaí a bheith níos neamhchosanta ar dhochar agus ar mhí-úsáid, lena n-áirítear foréigean baile
 - níos lú deiseanna chun ábhair imní maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí a shainaithint, chun faireachán a dhéanamh ar na hábhair imní sin agus chun tuairisc a thabhairt orthu
- Ar na bearta maolaithe dearfacha a sainaithníodh tá gníomhartha a rinne gairmithe cosanta leanaí chun leanúint le seirbhísí bunriachtanacha túslíne agus feachtais feasachta poiblí a sholáthar chun daoine a spreagadh chun ábhair imní i réimse na cosanta leanaí a thuairisciú.

An ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 2 den Choinbhinsiún)

- Tugtar le fios sa CRIA seo gurb amhlaidh, maidir leis na ceithre cheart a scrúdaíodh, go ndearna dúntaí scoileanna difear díréireach do leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, do leanaí gan dídean, do leanaí den Lucht Taistil agus den Phobal Romach, do leanaí faoi mhíchumas agus do leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach.
- Tá an chuma air nár cuireadh san áireamh go leordhóthanach le linn cinntí a dhéanamh ar scoileanna a dhúnadh agus a athoscailt na riachtanais atá ag grúpaí sonracha leanaí a dteastaíonn bearta speisialta uathu chun na héifeachtaí

diúltacha a bhí ag dúntaí scoileanna a mhaolú agus tá an chuma air freisin nár tugadh aghaidh ar riachtanais na ngrúpaí leanaí sin le linn na cinntí sin a dhéanamh ach oiread.

- Tá an chuma air go bhféadfadh easnaimh ar shonraí maidir le leanaí a bheith ina mbacainn le linn na tionchair a bhí ag dúntaí scoileanna ar leanaí agus ar a gcearta a mheas agus go bhféadfadh gur chuir na heasnaimh sin cosc ar bhearta áirithe a lánéifeacht a bhaint amach.

An ceart chun go gcaithfí leis na leasanna is fearr mar phríomhbhreithniúchán (Airteagal 3 den Choinbhinsiún)

- Tá dearccháid difriúla ann i leith cé acu a chuir nó nár chuir an Rialtas leasanna is fearr an linbh san áireamh le linn dó cinntí a dhéanamh ar scoileanna a dhúnadh agus, má chuir, i leith an mhéid a chuir sé san áireamh iad.
- Chuir roinnt geallsealbhoirí in iúl go raibh brú ar an lucht déanta cinntí cinntí tapa a dhéanamh ar bhonn comhairle sláinte poiblí agus nach raibh an timpeallacht ina ndearnadh na cinntí sin fabhrach do chinnteoireacht a bhí bunaithe ar chearta, lena n-áireofaí leasanna is fearr an linbh a chur san áireamh go cuí.
- Leagtar béim sa CRIA seo ar ábhair imní maidir le cé acu a bhí nó nach raibh na cineálacha cur chuige a glacadh i leith dúntaí scoileanna, agus fad na ndúntaí scoileanna, riachtanach agus comhréireach agus maidir le cé acu a bhí nó nach raibh siad le leasanna is fearr an linbh.

An ceart chun na beatha, an mharthanais agus na forbartha (Airteagal 6 den Choinbhinsiún)

- Cé go bhfuil an chuma air gur cuireadh an ceart atá ag leanaí chun na beatha agus an mharthanais san áireamh le linn cinntí a dhéanamh ar bhearta foriomlána Covid-19, ní soiléir atá an méid a cuireadh an ceart atá ag leanaí chun na forbartha is

mó is féidir san áireamh le linn cinneadh a dhéanamh ar dhúntaí scoileanna.

- Léirítear sna doiciméid a athbhreithníodh agus i dtuairimí geallsealbhóirí an tionchar diúltach a bhí ag dúntaí scoileanna ar fhorbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachasúil leanaí.
- De bharr dúntaí scoileanna, cruthaíodh dúshláin ar leith maidir le forbairt na leanaí sin atá faoi mhíchumas agus na leanaí sin atá ina gcónaí i ndálaí neamh-leormhaithe maireachtála, lena n-áirítear leanaí gan dídean, leanaí den Lucht Taistil agus den Phobal Romach agus leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach.

An ceart chun tuairimí a chur in iúl agus chun go dtabharfaí aird chuí orthu (Airteagal 12 den Choinbhinsiún)

- Ní thugtar soiléiriú i gcuid ar bith de na doiciméid a athbhreithníodh don CRIA seo ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur lorgaíodh tuairimí leanaí le linn cinntí a dhéanamh ar dhúntaí scoileanna agus gur tugadh aird chuí orthu agus, más amhlaidh, ar conas a rinneadh é sin.
- Chuir roinnt geallsealbhóirí ábhair imní in iúl faoin easpa rannpháirtíochta a bhí ag leanaí, go háirithe leanaí faoi mhíbhuntáiste, sna cinntí a rinneadh ar dhúntaí scoileanna.
- Tugadh roinnt deiseanna do leanaí a dtuairimí a chur in iúl ar an tionchar a bhí ag paindéim Covid-19 ar an meabhairshláinte, ar scrúduithe agus ar a n-eispéireas i bhfillleadh ar an scoil.

Moltaí

Tá na moltaí seo bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ag teacht chun cinn ag am nach bhfuiltear cinnte fós faoin treo a leanfaidh an phaindéim. Tagann siad chun cinn as raon feidhme agus modheolaíocht an CRIA seo agus as an anailís agus na fionnachtana atá leagtha amach sa tuarascáil.

Measúnú agus meastóireacht ar an tionchar ar chearta leanaí

- Ba cheart don Rialtas breithniú agus imscrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar CRIA agus CRIE a thabhairt isteach chun go mbeifear in ann cearta leanaí a chur san áireamh i gcásanna éigeandála inar gá cinntí an-suntasach a dhéanamh go tapa, agus in éagmais faisnéise iomláine in amanna.
- Chun dul chun tairbhe don fhoghlaim sa todhchaí, ba cheart meastóireacht chuimsitheach atá bunaithe ar chearta leanaí a dhéanamh ar na tionchair ar leanaí a bhí ag dúntaí scoileanna agus ag bearta maolaithe comhfhreagracha.

Comhordú beartais agus trasearnála

- Níor cheart na scoileanna a dhúnadh ach amháin i gcás nach bhfuil an dara rogha ann, agus ba cheart pleananna teagmhais a bheith i bhfeidhm chun tacú lena n-athoscailt a luaithe is féidir, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí a mbeadh an tionchar ba dhiúltaí orthu dá ndúnfaí na scoileanna. Ós rud é gurb éiginnte fós atá an treo a leanfaidh Covid-19, ní mór díriú a choinneáil, le linn an beartas náisiúnta a fhorbairt, ar scoileanna a choinneáil ar oscailt, agus acmhainní leormhaithe á leithdháileadh chun tacú leo fanacht ar oscailt go sábháilte.
- Maidir leis na struchtúir chomhordúcháin reatha de chuid an Rialtais, lena n-áirítear Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, ba cheart iad a neartú tuilleadh agus a shlógadh go héifeachtach i gcásanna éigeandála.

- Ba cheart a chinntiú go seasfar i gcásanna éigeandála leis an gceart atá ag leanaí agus daoine óga chun go n-éistfí lena dtuairimí. Maidir leis na sásraí atá ann cheana chun tacú le leanaí agus daoine óga a dtuairimí a chur in iúl, tá an chuma air nár slógadh iad a mhéid ab fhéidir le linn na paindéime.

Leithdháileadh acmhainní

- Ba cheart measúnú cuimsitheach a dhéanamh chun tuiscint iomlán a ghnóthú ar na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais arna leithdháileadh chun na tionchair dhiúltacha a bhí ag dúntaí scoileanna ar leanaí a laghdú. Ba cheart a chainníochtú sa mheasúnú sin na hacmhainní breise a bheadh ag teastáil i gcás éigeandáil sa todhchaí ina mbeadh sé riachtanach na scoileanna a dhúnadh.
- Ba cheart sainaithint a dhéanamh ar na bearta sonracha a theastaíonn chun tacú le leanaí téarnamh ó na tionchair dhiúltacha a bhí ag dúntaí scoileanna agus ar na hacmhainní a bheadh ag teastáil chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Bailiú sonraí agus anailís sonraí

- Ba cheart sainaithint a dhéanamh ar na heasnamh shonracha ar shonraí faoi leanaí chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar na bearnaí agus na heasnamh ábhartha.

Oiliúint agus forbairt acmhainne

- Ba cheart uasoiliúint a chur ar na daoine sin a dhéanann cinntí lena ndéantar difear do leanaí chun go gcomhtháthófar cearta leanaí isteach go héifeachtach sa phróiseas um chinntí lena dtéitear i bhfeidhm ar leanaí a dhéanamh i gcásanna éigeandála.

Ombudsman for Children's Office
Millenium House
52–56 Great Strand Street
Dublin 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
 [@OCO_Ireland](https://twitter.com/OCO_Ireland)